



Eolas d'othair faoi MRSA agus faoin bhfríd stafalacocas órga

Cad is MRSA ann?

Úsáidtear MRSA mar ghiorrúchán do *Stafalacocas órga*. Cineál baictéir (fríd) atá ann atá frithsheasmhach in aghaidh antaibheathach. Tugtar 'tarbhfrídí' ar na baictéir sin in amanna. Tugtar 'staf órga' mar ghiorrúchán ar *Stafalacocas órga* amanna freisin. Tagróimid dó mar staf sa bhileog seo; cineál staif is ea MRSA atá níos deacra a mharú.

Fríd choitianta is ea an gnáth-staf. Ag aon am ar leith, bíonn staf á iompar ar an gcaiceann nó sa tsrón ag duine as gach triúr. I gcás fhormhór na ndaoine formhór an ama, fanann sé ar an gcaiceann nó taobh istigh den tsrón agus ní bhíonn aon dochar ann. 'Ag iompar staif' nó a bheith 'coilínithe' le staf a thugtar air sin – bíonn sé ar do chorp ach ní bhíonn tú tinn dá bharr.

Ach sin ráite, má théann staf faoin gcaiceann is féidir leis ionfhabhtú a dhéanamh. Má bhí goirín nó neascóid dona ort riamh, nó ionga choise ionfhásta a bhí ionfhabhtaithe nó gearradh a bhí ionfhabhtaithe, is dócha gur tharla sé de bharr staf a chuaigh faoin do chraiceann. Freisin, is féidir le staf ionfhabhtuithe an-tromchúiseacha a dhéanamh, ar nós ceallailíteas (ionfhabhtú ar chraiceann inmheánach), niúmóine, ionfhabhtú cneá agus seipticéime (fuilnimhiú). Tá na cineálacha ionfhabhtuithe sin níos coitianta i ndaoine a bhíonn tinn cheana féin nó a raibh a lán cóireála cógas nó máinliachta acu.

Nuair a dhéanann staf ionfhabhtú, bíonn gá amanna le cóireáil antaibheathaigh chun an fhríd a mharú. Flocsaicillin an t-ainm atá ar an antaibheathach is minice a úsáidtear chun ionfhabhtú staif a chóireáil. Cineál staif is ea MRSA nach bhfuil flocsaicillin in ann a mharú mar go bhfuil sé frithsheasta in aghaidh antaibheathach. Níl níos mó de bhaol ann go gcuirfidh MRSA tinneas ar dhuine ná aon fhríd eile. An fhadhb atá le MRSA ná nuair a dhéanann sé duine tinn go gcaithfidh dochtúirí antaibheathaigh dhifriúla a úsáid chun an t-ionfhabhtú a chóireáil.

Cén chaoi a bhféadfainn MRSA a fháil?

Titeann staf, MRSA san áireamh, de chraiceann agus de shrón na ndaoine a bhfuil sé á iompar acu. Tarlaíonn sé sin an t-am ar fad agus dá bharr sin bíonn staf le fáil go minic ar dhromchlaí, ar thuáillí, ar dhoirtíl, ar lámha agus ar bhia. Piocann daoine suas staf an t-am ar fad trí theagmháil laethúil le daoine eile agus le rudaí a úsáideann daoine eile. Scaipeann an fhríd chuig daoine nua nuair a theagmhaíonn siad le rud éigin a bhfuil staf air.



Fiche nó tríocha bliain ó shin, tarbhfhrid ospidéal a bhí san MRSA i gcónaí, geall leis, agus is annamh go mbíodh sé ar dhaoine nach raibh san ospidéal riamh. Tá sé sin athraithe anois, cé gur mó go mór an seans atá ann go fóill go mbeidh daoine a chaitheann a lán ama san ospidéal nó i dtithe altranais ag iompar MRSA. Tá MRSA chomh coitianta anois go mbíonn daoine ag iompar MRSA amanna fiú mura bhfuil aon teagmháil acu le hospidéal ná le tithe altranais. MRSA I roinnt tíortha, tá cineálach MRSA ann a scaipeann i measc an phobail den chuid is mó – i gclubanna spóirt mar shampla.

Conas a bheidh a fhios agam go bhfuil MRSA agam?

Ní bheidh a fhios agat go bhfuil MRSA agat mura bhfaighfear amach é i dtástáil saotharlainne. I gcás a lán daoine a thagann chuig an ospidéal, tógtar 'maipín' as a srón nó a gcráiceann chun a sheiceáil an bhfuil siad ag iompar MRSA. Gnáthamh simplí atá ansin ina gcuimlítear maipín – atá cosúil le baitín cadáis – suas i do shrón nó ar do chraiceann chun sampla a thógáil.

Cad a tharlóidh má bhíonn MRSA agam san ospidéal?

Déanann na hospidéal iarracht stop a chur le scaipeadh MRSA mar go bhfuil a lán de na daoine san ospidéal an-tinn agus an-leochaileach cheana féin. Má fhaigheann daoine atá an-leochaileach ionfhabhtú MRSA is féidir deacracht a bheith lena chóireáil mar nach n-oibríonn na gnáth-antaibheathaigh go rómhaith. Caithfidh na dochtúirí antaibheathaigh speisialta a úsáid.

Má tá MRSA agat, b'fhéidir go bhfaighfeá do chúram i seomra aonair. Beidh an fhoireann ospidéal a bheidh ag tabhairt aire duit an-chúramach a lámha a ghlanadh tar éis a bheith ag déanamh cúraim duit, agus b'fhéidir go mbeadh naprúin agus miotóga orthu nuair a bheidís ag déanamh tascanna áirithe. Amanna, ordófar cógais duit ar nós lóiseanna níocháin, uachtair, unghaí nó púdar chun fáil réidh le MRSA. Tógtar na céimeanna sin chun cosaint a thabhairt duit féin nó d'othair eile a d'fhéadfadh a bheith an-tinn agus gan iad in ann déileáil le hionfhabhtú eile.

Conas is féidir stop a chur le scaipeadh MRSA?

An bealach is fearr le stop a chur le scaipeadh gach fríde geall leis, MRSA san áireamh, ná do lámha a ní go maith. Ní mór na lámha a ní roimh agus tar éis aon chóiriú a bhíonn ar chneá a athrú, nó a bheith ag láimhsiú aon diltálairí nó feadáin atá ag dul isteach sa chorp. Má tá MRSA agat, is féidir leat cuidiú le foireann an ospidéal má mheabhraíonn tú dóibh a lámha a ní tar éis cúram a dhéanamh duit. Má tá a fhios agat go bhfuil MRSA agat, is fearr gan mórán teagmhála a bheith agat le hothair eile nuair a bheidh tú san ospidéal, agus is fearr gan a bheith ag roinnt



nuachtán nó nithe eile le hothair eile. Má bhíonn seomra aonair ag daoine le MRSA, bíonn sé níos éasca srian a chur ar an teagmháil le hothair eile.

Cad a tharlóidh nuair a rachaidh mé abhaile?

Níl mórán de bhaol ón MRSA do dhaoine atá sláintiúil i gcoitinne agus gan iad san ospidéal. Nuair a imeoidh tú as an ospidéal, beidh tú in ann gnáth-shaol teaghlaigh agus sóisialta a bheith agat. Ní bheidh tú i do bhaol mór do dhaoine eile. B'fhéidir go nglanfaidh an MRSA leis in imeachta ama – go háirithe mura gcaithfidh tú antaibheathaigh a thógáil ar aon chúis. Go hiondúil, ní bhíonn aon ghá a bheith ag iarraidh an MRSA a ghlanadh le lóiseanna nó le hungthaí tar éis dul abhaile. Beidh daoine ann a bheidh ag iarraidh an MRSA a ghlanadh mar nach n-aireoidh siad compordach agus fios acu go bhfuil MRSA acu.

Tá líon bheag daoine ann a bhíonn ag iompar MRSA agus a bhíonn an-leochaileach ina leith, ag fáil ionfhabhtuithe go leanúnach. I gcás na ndaoine sin, bíonn gá acu in amanna cúrsa cóireála a leanacht le lóiseanna agus ungthaí chun an MRSA a ghlanadh.

Má tá MRSA agat agus go gcaithfidh tú cuairt a thabhairt ar do dhochtúir, nó má thugtar isteach san ospidéal tú in athuair, ba chóir duit a chur in iúl go raibh MRSA agat san am atá caite. Cinnteoidh sé sin go bhfaighidh tú an chóireáil cheart.

Más oibrí cúram sláinte tú agus go bhfuil ionfhabhtú MRSA agat, ba chóir duit dul i dteagmháil leis an Rannóg Sláinte Ceirde chun comhairle a fháil.

Má tá MRSA ag do leanbh, is féidir leo freastal ar an naíonra nó dul ar scoil mar is gnáth.

I ngnáthchúrsaí an tsaoil, ní gá duit insint do dhaoine go bhfuil MRSA á iompar agat féin nó ag do leanbh.

Breis eolais

Tá breis eolais agus físeáin faoi shláinteachas lámh le fáil ar www.hse.ie/infectioncontrol agus tá eolas faoi MRSA le fáil ar www.hpsc.ie

Tá an t-eolas seo faofa le n-úsáid ag clár náisiúnta um Fhrithsheasmhacht in Aghaidh Ábhar Frithmhiocróbach agus Rialú Ionfhabhtaithe an FSS.

Foilsithe: Eanáir 2019